STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE:

Plépháipéar gairid don Ghrúpa Comhairleach

Ó: Seán Ó Cuirreáin, An Coimisinéir Teanga

Iúil 2008

CUMAS, CEART, DEIS agus CEANNASAÍOCHT

OSRADHARC

Fáiltím go mór roimh ullmhú na straitéise 20 bliain don Ghaeilge bunaithe ar na cuspóirí atá leagtha amach i ráiteas polasaí an Rialtais i leith na Gaeilge a foilsíodh in 2006.

Is féidir go mbeadh ullmhú agus feidhmiú na straitéise sin ar na gníomhartha is tábhachtaí do thodhchaí na teanga ó bunaíodh an Stát má leagtar amach, agus má leantar ansin, léarscáil bhóithre nua, chomhaontaithe a chinnteoidh todhchaí do theanga náisiúnta na tíre.

Is deacair d'aon duine samhail dháiríre a bheith anois acu den chineál tíre a bheidh anseo faoi cheann fiche bliain: tiocfaidh athruithe móra i ngach gné den saol, ina measc, athruithe i gcúrsaí eacnamaíochta, forbartha, fostaíochta, teicneolaíochta, imirce, pobail, daonra, sóisialta, agus eile. Beidh smacht againn ar chuid de na hathruithe sin; beidh tuilleadh a thiocfaidh gan choinne. Braithfidh cuid acu ar chúinsí polaitíochta laistigh den stát, ar an gcaidreamh thuaidh-theas, ar ghnóthaí Eorpacha agus domhanda.

Caithfidh an straitéis teanga dul i ngleic leis an gcineál nua saoil anaithnid sin agus iarracht a dhéanamh múnlú a dhéanamh ar na toisí teanga a bhainfidh leis.

Creidim go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh an straitéis sin iomlán cuimsitheach agus tras-rannach leis an tionchar is fearr a imirt agus go mbeadh spriocanna sonracha inti a bheadh uaillmhianach ach insroichte.

Tá sé riachtanach go mbeadh gníomhartha diongbháilte, stuama agus meáite aitheanta sa straitéis a thabharfadh an teanga ón imeall go háit níos lárnaí sa tsochaí. Ach beidh sé riachtanach nach mbeadh an straitéis féin righin nó dolúbtha le gur féidir dul i ngleic le hathruithe a thiocfaidh gan choinne nó nach féidir a shamhlú anois.

Tuigim go bhfuil sé mar aidhm ag an straitéis go mbeadh 250,000 duine ag labhairt na Gaeilge go laethúil faoi cheann 20 bliain. Níl aon amhras ar bith ann ach go bhfuil an uaillmhian sin dúshlánach mar go gciallaíonn sé go mbeidh sé riachtanach, ón staid reatha, méadú 6% a dhéanamh go bliantúil ar líon na ndaoine atá ag labhairt na Gaeilge, gach bliain den fhiche bliain sin. Chiallódh sé freisin, i ndeireadh na tréimhse 20 bliain, go mbeadh an líon cainteoirí laethúla Gaeilge 350% níos airde ná mar atá faoi láthair.

Ar an taobh eile den scéal, tá os cionn 450,000 duine ann a dúirt sa daonáireamh in 2006 gur úsáid siad an teanga go laethúil laistigh den chóras oideachais ach nár úsáid í ar chor ar bith lasmuigh den réimse sin. Dá bhféadfadh an straitéis cabhrú le cuid áirithe den ghrúpa sin úsáid níos forleithne a bhaint as an teanga, ar bhonn laethúil, ba ghníomh suntasach é sin sa tionscnamh seo.

Chuige sin, go ginearálta, creidim gur gá don straitéis beartais a rianú le cumas, cearta, deiseanna agus ceannasaíocht a fhorbairt a chinnteoidh méadú leanúnach ar an bpobal labhartha Gaeilge.

Go ginearálta freisin, samhlaím go gcaithfeadh

- go mbeadh plean gníomhaíochta maidir le feidhmiú na straitéise mar dhlúthchuid den saothar le spriocanna soiléire agus le h-amscálaí cuí;

- go mbeadh freagracht as feidhmiú na straitéise dílsithe sa leibhéal is sinsearaí den státchóras, i nGrúpa Ardleibhéil nó a chomhionann ag a mbeadh an t-údarás, an chumhacht agus na hacmhainní a bheadh riachtanach don chúram;

- go ndearfadh an straitéis meicníocht láidir, neamhspleách le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na straitéise agus a sholáthródh tuairiscí rialta ar dhul chun cinn nó eile an phróisis sin;

- nach ligfí d'aon imní faoi na leasuithe reachtúla nó institiúideacha a bheadh riachtanach do cheartfheidhmiú na straitéise srian, treampán nó bac a chur ar ullmhú na straitéise is oiriúnaí don ghnó ríthábhachtach seo.

STÁDAS

Tá stádas na Gaeilge soiléir i mBunreacht na hÉireann agus í aitheanta anois mar theanga oifigiúil oibre de chuid an Aontais Eorpaigh.

Is mór idir an t-aitheantas oifigiúil sin agus na fíricí loma maidir le cumas agus le húsáid na teanga mar a léirítear iad sna staitisticí oifigiúla.

Tá, áfach, iliomad buntáistí agus deiseanna oifigiúla cruthaithe ag an Stát don teanga in imeacht na mblianta a raibh sé mar aidhm leo a chinntiú go mairfeadh sí mar theanga bheo agus go mbeadh sí á húsáid oiread agus ab fhéidir i measc an phobail.

Go deimhin, nuair a liostófaí na buanna agus na deiseanna oifigiúla sin atá cruthaithe ag an Stát don Ghaeilge, ba dheacair a chreidiúint go bhféadfadh an teanga a bheith faoi bhrú nó i mbaol ar bhealach ar bith.

Ba cheart go mbeadh sé i gcroílár na straitéise a chinntiú go mbeadh gach cuid de chóras tacaíochta teanga an Stáit ag feidhmiú le lánéifeacht, go mbeadh torthaí na n-iarrachtaí sin á dtomhas agus á meas go rialta agus go mbeidís á leasú nuair a chruthófaí gur ghá sin.

CEART SEALBHAITHE AGUS CEART ÚSÁIDE

Go simplí, samhlaím gur cheart go bhforbrófaí sa straitéis na beartais éagsúla a bheidh riachtanach le cinntiú go mbeadh sé de cheart agus de dheis ag duine an Ghaeilge a shealbhú mar theanga (ó dhúchas sa Ghaeltacht agus/nó tríd an gcóras oideachais) agus go mbeadh sé de cheart ansin an teanga a úsáid sa tsochaí, go háirithe leis an státchóras.

CEART SEALBHAITHE – ó dhúchas

Mholfainn go dtabharfadh an straitéis aghaidh ar na hathruithe córais agus institiúideacha a theastaíonn le hoiread tacaíochta agus ab fhéidir a sholáthar don teanga sna ceantair Ghaeltachta ina bhfuil sí fós ina teanga bheo phobail lena chinntiú:

- go leanfaí ag déanamh na rogha páistí a thógáil le Gaeilge mar theanga dúchais, go méadófaí ar an líon daoine a dhéanann an rogha sin agus go gcuirfí na tacaíochtaí cuí ar fáil dóibh leis an rogha sin a fheidhmiú;

- go stopfaí meath na teanga mar uirlis chumarsáide i measc an phobail, go háirithe i measc an aosa óig agus go méadófaí arís, de réir a chéile, ar a húsáid mar theanga bheo phobail;

- go ndéileálfaí mar ábhar práinne le ceist na teanga sa chóras oideachais sa Ghaeltacht agus go gcuirfí seirbhísí uile an stáit ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht; agus

- go n-aithneofaí na ceangail idir forbairt phobail, eacnamaíochta agus fostaíochta sna Gaeltachtaí agus a dtionchar sin ar inmharthanacht na teanga.

CEART SEALBHAITHE – sa chóras oideachais

Glactar leis anois go forleathan i measc an phobail nach bhfuil an córas oideachais ag cinntiú go mbíonn líofacht bhunúsach sa teanga ag gach dalta ar fhágáil na scoile dó/di.

Dúirt mé i dtuarascáil bhliantúil m'Oifige don bhliain 2004 gur chreid mé go raibh géarghá le hathbhreithniú cuimsitheach, fuarchúiseach ar gach gné d'fhoghlaim agus de mhúineadh na Gaeilge sa chóras oideachais, le cinntiú go mbeadh sé mar thoradh ar mhór-infheistíocht leanúnach an Stáit sa teanga go mbeadh líofacht bhunúsach sa teanga ag daltaí ar fhágáil na scoile dóibh tar éis 13 bliana a chaitheamh ag foghlaim na teanga.

Dúirt mé freisin:

> *"Creidim gur gá breathnú go grinn ar gach gné d'fhoghlaim na teanga - oiliúint múinteoirí, an curaclam, téacsleabhair agus áiseanna teagaisc, seirbhísí tacaíochta, an mhúinteoireacht, córais chigireachta agus scrúduithe san áireamh - agus córas comhtháite, forásach a fhorbairt a chinnteoidh go mbeidh líofacht sa teanga mar thoradh ar mhór-infheistíocht an stáit sa réimse seo den oideachas."*

Níor tháinig aon athrú intinne orm faoin ábhar seo ó shin.

Creidim nach féidir déileáil leis an gceist ríthábhachtach seo i gcomhthéacs na scoileanna sin amháin a mhúineann trí Ghaeilge. Tá straitéisí éagsúla riachtanach do scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge (sa Ghaeltacht agus lasmuigh di) agus do scoileanna eile na tíre a fheidhmíonn trí Bhéarla. Is ceart a bheith san airdeall go bhfuil c.93% de pháistí scoile na tíre nach bhfaigheann a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge.

Áirítear go bhféadfadh beagnach 1,500 uair an chloig d'oiliúint sa teanga a bheith á gcur ar fáil do dhaltaí scoile thar thréimhse 13 bliana ón gcéad lá ar bhunscoil go lá fágtha na scoile ag an dara leibhéal. Tá na céadta milliún euro á n-infheistiú go bliantúil i múineadh na Gaeilge sa chóras oideachais (ar aon dul le múineadh an Bhéarla agus ábhair eile) nuair a chuirtear sa chuntas an céatadán d'amchlár na scoileanna a thugtar don teanga ó naíonáin bheaga sa bhunscoil go leibhéal na hArdteistiméireachta.

Is anseo atá an chuid is tábhachtaí agus is costasaí d'iarracht leanúnach an Stáit i leith na teanga. Is réasúnta agus is ciallmhar a mheas, shílfeá, go mbeadh sé mar bhunpholasaí líofacht bhunúsach sa teanga a bheith ag daltaí ar fhágáil an chórais oideachais dóibh le go mbeadh an teanga ina huirlis chumarsáide úsáideach dóibh sa tsochaí. Is deacair an loighic a

bheadh le polasaí a d'éileodh níos lú ná sin – a dhóthain den teanga le marcanna scrúdaithe a fháil ach gan dóthain cumais nó líofachta le go bhféadfaí í a úsáid i ndáiríre i mbun cumarsáide – a fheiceáil.

CEART ÚSÁIDE

Má tá sé mar pholasaí ag an Stát tacú leis an teanga trí cheart agus deis sealbhaithe (ó dhúchas sa Ghaeltacht agus/nó tríd an gcóras oideachais) a sholáthar don phobal, leanann sé go nádúrtha as sin gur gá deis úsáide a sholáthar don té a roghnódh an teanga sin i mbun cumarsáide sa tsochaí go ginearálta agus go háirithe leis an stát agus lena mbaill.

Caithfear méadú a chur ar acmhainn nó ar inniúlacht an Stáit i soláthar deiseanna úsáide don teanga. Níl amhras ar bith ach gur thit cumas an Stáit freastal ar an bpobal trí Ghaeilge go tubaisteach ón uair a cuireadh deireadh le riachtanas Gaeilge do phoist i státchóras na tíre breis agus 30 bliain ó shin. Tá ráite agam roimhe seo nár feidhmíodh go cuí, dar liom, an mhalairt chórais – ina raibh marcanna bónais le bronnadh ar iarrthóirí as inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon i gcomórtais do cheapacháin agus d'arduithe céime sa státseirbhís – a bhí ceaptha le cur in áit na Gaeilge éigeantaí, nó ní raibh toradh fónta a dhóthain air san áit ar feidhmíodh é.

Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla agus forálacha in achtacháin eile a bhaineann le stádas agus le húsáid na Gaeilge le dul i ngleic le forbairt seirbhísí stáit trí Ghaeilge. Fós féin, is gá a admháil go bhfuil an tairseach maidir leis an leibhéal seirbhíse trí Ghaeilge an-íseal ar fad agus, ró-mhinic, gur le drogall a fheictear ról imeallach don teanga i soláthar seirbhísí do chustaiméirí.

Thagair mé don cheist seo i dtuarascáil bhliantúil m'Oifige don bhliain 2007 nuair a dúirt mé:

> *"Nílim ag déanamh an cháis ar chor ar bith gur cheart filleadh ar chóras na Gaeilge éigeantaí d'fhostaithe an stáit, ach ní chreidim gur leor ach an oiread "Béarla éigeantach" a bhrú ar an bpobal agus iad ag déileáil le heagraíochtaí stáit…Ní léir anois gur leor na córais reatha maidir le hearcaíocht agus traenáil foirne le cinntiú go mbeidh líon leordhóthanach foirne le hinniúlacht sa Ghaeilge ar fáil in eagraíochtaí stáit na tíre le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge chomh maith lena soláthar trí Bhéarla.*

Creidim go dteastódh gníomh nó córas athchothromaithe leis an líon leordhóthanach sin d'fhoireann le hinniúlacht sa Ghaeilge a chinntiú sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Aimsíodh córas le cabhrú le hathchothromaíocht trasphobail a fheabhsú trí idirdhealú dearfach a spreagadh do Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann de

thoradh Thuarascáil Patten. Theastódh iarracht den chineál céanna a fheidhmiú anseo ar bhunús teanga, fiú ar feadh tréimhse shealadach, le tionchar dearfach a bheith aige in athchothromú a dhéanamh ar fhoireann le hinniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla sa státchóras anseo.

Níor cheart go mbeadh aon impleachtaí maidir le costais bhreise aige seo; go deimhin ba shaoire don státchóras baill foirne le hinniúlacht sa dá theanga oifigiúla araon, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, a bheith fostaithe ann ná an córas reatha i gcuid mhór eagraíochtaí stáit a chaithfidh dul i muinín seirbhísí seachtracha tráchtála aistriúcháin nó oiliúna go minic.

Faoi láthair, is minice ná a mhalairt a dhéantar iarracht cumas teanga an státchórais a fhorbairt trí chúrsaí breisoiliúna foirne. Cé gur gníomh inmholta ann féin é sin, ní léir go n-éiríonn leis an gcóras sin sách minic an leibhéal cumais a bheadh riachtanach a bhaint amach i ndeireadh an lae. Is féidir, dá thoradh sin, gur próiseas costasach é nach bhfuil barántas ann go n-éireoidh leis. Go deimhin, tá staitisticí idirnáisiúnta ar fáil a léiríonn go dteastódh na céadta uair an chloig d'oiliúint, suas le leathbhliain iomlán lánaimseartha, le torthaí fiúntacha a bhaint amach a d'fhágfadh go mbeadh duine ábalta seirbhís a sholáthar do chustaiméirí sa teanga fhoghlamtha ar chomhchéim leis an máthairteanga.

Braithim gur sa phróiseas earcaíochta is oiriúnaí déileáil leis an gceist lárnach seo agus go bhféadfaí agus gur cheart an coincheap seo a fhorbairt agus a dhaingniú sa straitéis 20 bliain. Fiú i dtréimhsí ina gciallaíonn srianta eacnamaíochta go mbíonn lánchosc ar cheapacháin nua sa státchóras bíonn, fós féin, poist le líonadh de bharr daoine a bheith ag éirí as a gcuid oibre dá ndeoin féin, ar scor, nó eile.

Bheadh toradh dearfach eile ar ghníomh dá leithéid sa chóras oideachais. Dá bhfeicfí go raibh buntáiste fostaíochta le fáil ag duine a d'fhorbair ann féin an leibhéal breise scile sin a thug inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla dó, ba spreagadh breise é do dhaltaí scoile, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.

Ar an mbealach seo freisin is féidir an nasc a shoiléiriú agus a threisiú idir foghlaim na Gaeilge i gcóras oideachais na tíre agus úsáid na teanga ina dhiaidh sin i mbun cumarsáide go ginearálta, go háirithe sa státchóras.

An teanga nach féidir a úsáid i mbun gnóthaí le heagraíochtaí stáit, is fánach a bheith ag déanamh cáis le daltaí scoile gur teanga bheo, nua-aimseartha í lasmuigh de gheataí na scoile. An teanga a d'fhágfaí ar lár ó chóras riartha an Stáit ba theanga gan stádas í, teanga ar an imeall, ar leataobh agus in áit na leathphingine.

REACHTAÍOCHT TEANGA

Cé gur sa bhliain 2003 a achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla, ba i mí Iúil 2006 a tháinig príomhfhorálacha an Achta ar fad i bhfeidhm.

Faoi lár 2008, bhíothas fós ag fanacht le teacht i bhfeidhm rialachán faoi Alt 9 den Acht agus le daingniú na chéad scéimeanna teanga do thrí as gach ceithre chomhlacht phoiblí sa tír (cé go raibh scéimeanna daingnithe i gcás cuid mhór de na comhlachtaí poiblí is mó a mbeadh caidreamh ag formhór an phobail leo).

Creidim go mbeadh sé tráthúil athbhreithniú a dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain 2013 – deich mbliana tar éis a achtaithe.

Creidim go gcinnteodh athbhreithniú den chineál sin go ndéanfaí forálacha an Achta a threisiú. Ba cheart go mbeadh an tAcht neadaithe go maith i státchóras na tíre faoin am sin agus go mbeadh a fhios cérbh iad na laigí, dá mba ann dóibh, gur cheart agus gur ghá a leasú. D'fhéadfaí go bhfeicfí an uair sin an mbeadh sé tráthúil bunús reachtúil a chur faoi dhualgas nua ar chomhlachtaí poiblí a bheith réamhghníomhach ag tairiscint a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge, raon na ndualgas díreach faoin Acht a mhéadú agus leasuithe cuí eile a dhéanamh.

Tá feidhmeanna, cumhachtaí agus údarás an Choimisinéara Teanga faoin Acht ar chomhchéim le hoifigí ombudsman agus le gníomhaireachtaí géilliúlachta eile agus tá siad, dá bharr sin, dóthanach san am i láthair don obair atá le déanamh. Níor mhiste féachaint, áfach, an mbeadh an scéal céanna amhlaidh sa bhliain 2013 nuair a bheadh an reachtaíocht deich mbliana d'aois agus go bhféachfaí freisin, agus neartú na hOifige mar aidhm leis, ar leor na hacmhainní daonna, airgeadais agus eile a bheadh ar fáil don Oifig ag an tráth sin do cheartchomhlíonadh na ndualgas reachtúil atá leagtha uirthi ag an Oireachtas.

AG ÚSÁID CEART

An leor don Straitéis 20 bliain rianú agus pleanáil a dhéanamh ar na beartais éagsúla a bheidh riachtanach le cinntiú go mbeadh sé de cheart agus de dheis ag duine an Ghaeilge a shealbhú (ó dhúchas sa Ghaeltacht agus/nó tríd an gcóras oideachais) agus go gcinnteofaí go mbeadh sé de cheart ansin an teanga shealbhaithe sin a úsáid sa tsochaí, go háirithe leis an státchóras?

Samhlaím freisin go gcaithfear beartais nua a cheapadh leis an mbearna a líonadh idir cearta teanga atá ar fáil agus úsáid na teanga go praiticiúil.

Tá gá go n-aithneodh an straitéis a thábhachtaí agus atá ceannasaíocht ó ionadaithe tofa an phobail, go háirithe i dTithe an Oireachtais, agus go leagfaí amach beartais leis an teanga a bhogadh óna hionad imeallach sa dioscúrsa polaitíochta faoi láthair go dtí áit níos lárnaí i ndíospóireachtaí agus in imeachtaí eile i ngnóthaí parlaiminteacha.

Treoraíonn Alt 6 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go bhfuil láncheart ann an Ghaeilge a úsáid agus duine ag labhairt i dTithe an Oireachtais nó os comhair coistí, fochoistí agus comhchoistí de chuid an Oireachtais. Ach is trí Bhéarla a bhíonn formhór na ndíospóireachtaí ansin faoi láthair, rud a léiríonn go soiléir an deighilt idir cearta teanga a bheith ar fáil agus úsáid a bheith á baint as na cearta sin. Tá, áfach, deis ar leith cruthaithe ag an Taoiseach reatha agus ag ceannairí pháirtithe an fhreasúra, ar chainteoirí Gaeilge ar fad iad, sa réimse seo le gairid agus múnla leagtha go bhféadfaí tógáil air.

CEART FEASACHTA

Creidim go dteastódh mórfheachtas leanúnach maidir le feasacht teanga le tuiscint an phobail a mhéadú ar thábhacht ár dteanga náisiúnta d'fhéiniúlacht na tíre.

Samhlaím gur cheart go mbeadh cuid den fheachtas seo neadaithe go buan sa chóras oideachais le tuiscintí ar thábhacht na teanga a fhorbairt sa chéad ghlúin eile, ar an gcaoi chéanna agus a chuirtear béim ar oideachas comhshaoil, athrú aeráide, géarchéim fuinnimh agus mar sin de.

Bheadh a leithéid d'fheachtas feasachta riachtanach mar ghníomh oideachais fadsaoil le teachtaireachtaí láidre faoi thábhacht na teanga a chur ina luí ar an bpobal i gcoitinne.

STRAITÉIS AONAIR AONTAITHE

Feidhmíonn na codanna éagsúla de bheartais agus de pholasaí teanga an Stáit ina gceann agus ina gceann, seachas mar aon aonad straitéiseach amháin.

Ní fheictear i gcónaí gur cuid den tionscnamh céanna, nó ar a laghad gur cheart gur chuid den tionscnamh céanna í, an tacaíocht a thugtar don teanga sa chóras oideachais, sa chraoltóireacht trí RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4, i bhforbairt na Gaeltachta, i soláthar seirbhísí stáit trí Ghaeilge, i bhfoilseacháin, sa litríocht, sna healaíona agus ar iliomad bealaí eile.

Samhlaím gur cheart don straitéis beartais a cheapadh a thógfadh ar an múnla atá molta ag an OECD i dtaca le comhtháthú shaothar na gcomhlachtaí poiblí agus go bhfeicfí mar chodanna d'ollthionscnamh sainiúil, comhaontaithe amháin gach ceann de na gníomhaíochtaí aonair sin a bhfuil cosaint agus cur chun cinn na teanga ina gcroílár. D'fhéadfaí comhpháirtíochtaí a spreagadh freisin le geallsealbhóirí eile a thacaíonn leis an teanga lasmuigh de scóip an státchórais ina measc Cumann Lúthchleas Gael, Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus eagraíochtaí eile.

Ba láidre seasamh na teanga agus an misneach a bheadh ina todhchaí dá bhfeicfí go gcinnteodh beartais na straitéise 20 bliain go ndéanfaí olliarracht aontaithe náisiúnta amháin as an iliomad beartas aonair, neamhspleách.

Ba cheart go mbeadh sé le tuiscint ón straitéis gur cuid dár n-oidhreacht í an teanga agus nár thug aon náisiún neamhspleách, ceannasach uathu riamh dá dtoil féin gné chomh lárnach sin dá ndúchas.

Maidir le scálaí ama, samhlaím má fhoilsítear an straitéis am éigin le linn na bliana 2009 gur cheart go síneodh an straitéis féin ó thús na bliana 2010 go dtí 2030, rud a d'fhágfadh roinnt ama le bunsocruithe a dhéanamh lena tabhairt i bhfeidhm. B'inmholta freisin go mbeadh spriocanna sainiúla aitheanta le bheith bainte amach in imeacht tréimhsí 6 bliana:

- 2016 (comóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca),
- 2022 (comóradh céad bliain bhunú an stáit)
- 2028 (comóradh céad bliain chéad teorainn na Gaeltachta)

CARPE DIEM

Mar fhocal scoir, is dóigh liom gur anois an t-am le gníomhú le cinntiú go mbeidh straitéis fadradharcach, fadtréimhseach, uaillmhianach ann don Ghaeilge. Is cinnte go bhfuil go leor curtha i gcrích le blianta beaga anuas go háirithe maidir le stádas don teanga agus deiseanna úsáide agus fostaíochta dóibh siúd a bhfuil Gaeilge acu san earnáil phoiblí agus sa chraoltóireacht ach go háirithe. Go deimhin, d'fhéadfá a rá go bhfuil an Ghaeilge níos feiceálaí agus níos mó i mbéal an phobail go ginearálta anois ná mar a bhí le linn aon tréimhse eile ó bunaíodh an Stát. Mar sin féin, tá an dul chun cinn seo teoranta go pointe áirithe agus caithfimid dul i dtreo an *ne plus ultra*. Caithfimid tógáil ar an dul chun cinn seo, go háirithe trí chórais úra earcaíochta a ghiniúint le cinntiú go mbeidh bealaí níos éifeachtaí fós ann leis an nGaeilge a úsáid san earnáil phoiblí.

Beidh an-áthas orm na pointí atá déanta sa phlépháipéar seo á fhorbairt nuair a chasfaidh mé leis an nGrúpa Comhairleach i Meán Fómhair 2008. Idir an dá linn, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as ucht cuireadh

a fháil a bheith páirteach i mbreithniúchán an ghrúpa, agus, go háirithe, mo bhuíochas a ghabháil as aon mhachnamh a dhéanfar ar na hábhair atá tarraingthe anuas sa doiciméad seo.

Seán Ó Cuirreáin
An Coimisinéir Teanga
An Spidéal

Iúil 2008.